# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

2008. S74T

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2008

# OIDEACHAS REILIGIÚNACH – ARDLEIBHÉAL

Líon Iomlán Marcanna: 400

DÉARDAOIN, 12 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00 go 4.00

## *Treoracha Ginearálta d'Iarrthóirí*

1. Scríobh do SCRÚDUIMHIR sa bhosca seo:

2. SCRÍOBH GACH FREAGRA SA FHREAGARLEABHAR SEO.

3. NÍ MÓR DUIT TABHAIRT FAOI GACH ROINN DE NA 5 ROINN AR AN bPÁIPÉAR SEO.

***Don Fheitheoir amháin***

*Stampa an Ionaid*

***Don Scrúdaitheoir amháin***

| Ceist | Marc |
|---|---|
| ROINN 1 | |
| ROINN 2 | |
| ROINN 3 | |
| ROINN 4 Ceist 1 | |
| ROINN 4 Ceist 2 | |
| ROINN 4 Ceist 3 | |
| ROINN 4 Ceist 4 | |
| ROINN 4 Ceist 5 | |
| ROINN 4 Ceist 6 | |
| ROINN 5 | |
| Marc don Pháipéar | |
| Bónas don fhreagairt trí Ghaeilge | |
| Iomlán | |
| Marc don Dialann | |
| Móriomlán | |

| | |
|---|---|
| 1. Móriomlán na n-iomlán bun leathanaigh | |
| 2. Móriomlán na gceisteanna uile a dícheadaíodh | |
| 3. Marc iomlán a bronnadh (1 lúide 2) | |
| Nóta: Ní mór don mharc i sraith 3 thuas a bheith cothrom leis an marc sa bhosca 'Marc don Pháipéar' thall. | |

## ROINN 1

(50 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 15 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SA ROINN SEO.**

NÍ MÓR DUIT **DEICH** gCINN DEN FHICHE CEIST SEO A LEANAS A FHREAGAIRT.

SNA CEISTEANNA INA nIARRTAR ORT TIC ✓ A CHUR SA BHOSCA CUÍ, NÁ CUIR TIC ACH I mBOSCA **AMHÁIN.**

**(Tá 5 mharc ag gabháil le gach ceist)**

**1.** Míorúilt a rinne Íosa le linn a bheatha ná - (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

Leigheas na Lobhar ☐ Roinnt na Mara Rua ☐ Filleadh an Mhic Dhrabhlásaigh ☐

**2.** Sampla amháin d'íomhá de Dhia a fhaightear i mór-reiligiún domhanda ná _________________________

__________________________________________________________________________

**3.** Soiscéal sionoptach is ea Soiscéal Eoin. (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

Fíor ☐ Bréagach ☐

**4.** Sampla amháin de shacraimint Chríostaí is ea an baisteadh.

Ainmnigh sacraimint Chríostaí **amháin** eile________________________________________________

**5.** Sampla de chód morálta is ea na Deich nAitheanta.

Ainmnigh cód morálta **amháin** eile ____________________________________________________

**6.** Cé acu **ceann** de na mór-reiligiúin dhomhanda seo a leanas is mó a luaitear Bráman leis?

(Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

An Hiondúchas ☐ An tIoslamachas ☐ An Giúdachas ☐

**7.** Is é dearcadh an aindiachais ná ________________________________________________________

__________________________________________________________________________

**8.** Cé acu **ceann** de na sainchreidimh Chríostaí seo a leanas a dtugtar 'Patrarc' mar theideal ar cheannaire ann sa lá atá inniu ann? (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

Anglacánach ☐ Preispitéireach ☐ Ceartchreidmheach na Rúise ☐

**9.** Slí amháin inar féidir le duine onóir a thabhairt do Dhia ná tríd an urnaí.

Luaigh slí eile ina ndéantar onóir a thabhairt do Dhia.________________________________________

**10.** I dtraidisiúin reiligiúnacha is é is ciall leis an téarma 'seanmóireacht' ná___________________________

__________________________________________________________________________

**11.** Is é dearcadh an iolrachais ná go bhfuil sé de cheart ag gach grúpa laistigh de shochaí a gcuid nósanna reiligiúnacha agus cultúrtha féin a chleachtadh. (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

Fíor ☐ Bréagach ☐

**12.** Sampla den chompántas boird i mbeatha Íosa ná ______________________________

______________________________________________

**13.** Is é is ciall le 'siosma' i dtraidisiúin reiligiúnacha ná______________________________

______________________________________________

**14.** Léigh liosta na ndaoine a luaitear le stair reiligiúin dhomhanda agus liosta na reiligiún domhanda a thugtar thíos. Meaitseáladh ainm duine reiligiúnaigh amháin leis an reiligiún domhanda is mó a bhfuil baint ag an duine sin leis mar shampla duit. Déan meaitseáil **amháin** eile.

| *Daoine* |
|---|
| Khadijah |
| Mahatma Gandhi |
| Máire Mhaigdiléana |
| Maois |
| Siddhartha Gautama |

| *Reiligiúin Dhomhanda* |
|---|
| An Búdachas |
| An Chríostaíocht |
| An Hiondúchas |
| An tIoslamachas |
| An Giúdachas |

| | | |
|---|---|---|
| *Sampla:* | Máire Mhaigdiléana | An Chríostaíocht |
| *Freagra:* | | |

**15.** Cén sainchreideamh Críostaí in Éirinn a bhfuil an tArdeaspag Alan Harper bainteach mar cheannaire leis?______________________________

**16.** Orthu féin amháin a chuimhníonn daoine atá aibí ó thaobh na moráltachta de nuair a bhíonn cinntí morálta á ndéanamh acu. (Cuir ✓ sa bhosca cuí)

Fíor ☐ Bréagach ☐

**17.** Cé acu **ceann** de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas is mó a luaitear an fáidh Íseáia leis?
(Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

An Búdachas ☐ An Hiondúchas ☐ An Giúdachas ☐

**18.** Cé acu reiligiún domhanda is mó a luaitear an Córán/Qur'an leis? ______________________

**19.** Sampla de dheasghnáth i dtraidisiúin reiligiúnacha is ea ______________________

**20.** Is é is ciall leis an téarma 'moráltacht' ná ______________________

______________________________________________

## ROINN 2

(30 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 15 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SA ROINN SEO.**

ROGHNAIGH **TRÍ** CINN DE NA GRIANGHRAIF SEO A LEANAS AGUS FREAGAIR NA CEISTEANNA AR GACH CEANN DÍOBH.

**(Tá 10 marc ag gabháil le gach ceist)**

**Ceist 1. Seo grianghraf de cheannairí reiligiúnacha ag seirbhís éacúiméineach.**



*www.comece.org*

**A.** Roghnaigh rud **amháin** ón ngrianghraf a thaispeánann gur sampla é seo den éacúiméineachas.

______________________________

______________________________

(2 mharc)

**B.** Tabhair sampla **amháin** eile den éacúiméineachas.

______________________________

______________________________

(2 mharc)

**C.** Luaigh **dhá** chúis a n-oibríonn daoine ar son an éacúiméineachais.

i. ______________________________

______________________________

______________________________

ii. ______________________________

______________________________

______________________________

(6 mharc)

**Ceist 2. Tá an pictiúr seo bunaithe ar Íosa agus é ag teagasc a chuid deisceabal.**



*www.hithcc.org*

**A.** Roghnaigh rud **amháin** sa phictiúr seo a thaispeánann go raibh tábhacht le teagasc Íosa dá dheisceabail.

______________________________

______________________________

(2 mharc)

**B.** Ainmnigh duine **amháin** de na chéad deisceabail a bhí ag Íosa.

______________________________

(2 mharc)

**C.** Luaigh **dhá rud** a mhúin Íosa dá dheisceabail faoi Ríocht Dé.

i. ______________________________

______________________________

______________________________


ii. ______________________________

______________________________

______________________________

(6 mharc)

**Ceist 3. Seo grianghraf de dhaoine atá ag baint leasa as an midheamhain agus iad ag guí.**



*www.minnesota.publicradio.org*

**A.** Roghnaigh rud **amháin** ón ngrianghraf a thaispeánann go bhfuil na daoine seo ag baint leasa as an midheamhain.

____________________________________________

____________________________________________

(2 mharc)

**B.** Cad is ciall leis an téarma 'midheamhain' i dtraidisiún reiligiúnach?

____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

(4 mharc)

**C.** Luaigh **dhá** chúis a mbaineann daoine leas as an midheamhain chun urnaí a dhéanamh.

i. __________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

ii. __________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

(4 mharc)

**Ceist 4. Seo grianghraf de dhaoine ag léiriú imní faoi cheist mhorálta.**




www.*Mrzine.monthlyreview.org/okeefe200306.html*

**A.** Roghnaigh rud **amháin** ón ngrianghraf a thaispeánann gur ceist mhorálta atá ina cúis imní do na daoine seo.

____________________________________________

____________________________________________

(2 mharc)

**B.** Déan cur síos ar shlí **amháin** eile inar féidir le daoine a thaispeáint go bhfuil imní orthu faoi cheist mhorálta.

____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

(4 mharc)

**C.** Luaigh **dhá** ní ar féidir tionchar a bheith acu ar dhearcadh duine faoina bhfuil ceart agus éigeart.

i. __________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

ii. __________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

(4 mharc)

## ROINN 3

(50 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 15 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SA ROINN SEO.**

LÉIGH COMHRÁ AN tSEOMRA COMHRÁ AR LÍNE SEO A LEANAS AGUS FREAGAIR NA CEISTEANNA GO LÉIR A LEANANN É.

| | |
|---|---|
| Cristíona: | An bhfuil aon mholtaí agaibh faoin gceist seo atá idir lámha agam mar obair bhaile don Oideachas Reiligiúnach – cá n-aimsíonn daoine freagraí ar cheisteanna faoi bhrí na beatha? |
| Dara: | Nuair a bhímse ag lorg freagraí ar cheisteanna faoi bhrí na beatha, éistim le ceol. Agus tú ag éisteacht le focail amhráin tuigeann tú nach tusa an t-aon duine amháin a bhíonn ag smaoineamh faoi bhrí na beatha. Tugann an ceol deis duit smaointe daoine eile faoi bhrí na beatha a chloisteáil. Cad fútsa, a Christíona – cad a mheasann tusa? |
| Cristíona: | Taitníonn ceol liomsa leis – ach ní mór duit machnamh a dhéanamh ar a gcloiseann tú. Ní leor glacadh le freagraí duine eile ar cheisteanna faoin mbeatha. Is cúnamh iad focail na n-amhrán, ach ní foláir duit, mar sin féin, machnamh a dhéanamh ar chúrsaí ina n-iomláine. |
| Páidí: | Nuair a bhímse ag machnamh ar an mbeatha cuimhním ar an tslí inar aimsigh mo Dhaideo brí sna nithe a rinne sé. Mura ndearna sé ach gairdín a ghlanadh, nó balla a phéinteáil, bhí toradh a chuid oibre le feiceáil agus thug a leithéid brí dá bheatha siúd. |
| Cristíona: | Tuigim cad atá i gceist agat. Braithim go bhfuil brí le mo bheathasa nuair a dhéanaim ní éigin a théann i gcion ar dhaoine eile. |
| Sam: | Tá tábhacht leis an teaghlach agus le cairde chomh maith, téann siad i gcion orm agus téimse i gcion orthusan. |
| Dara: | Cabhraíonn an reiligiún liom chun teacht ar fhreagraí. Cabhraíonn sé liom brí a bhaint as an mbeatha. Bíonn deis agam nithe a oibriú amach dom féin nuair a bhím ag urnaí. |
| Sam: | Is dóigh liom chomh maith gur cuid d'imeachtaí na beatha é aghaidh a thabhairt ar dhúshláin agus iad a shárú. Sin é a thugann brí do mo bheathasa. |
| Cristíona: | Caithfidh mé imeacht anois. Ní as a stuaim féin a scríobhfar an obair bhaile agamsa, bíodh a fhios agaibh! Mo bhuíochas libh as an gcabhair go léir! |

**1.** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** shlí a dtaispeánann an comhrá seo daoine a bhfuil brí na beatha á lorg acu.

i ______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

ii. ______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

(14 mharc)

**2.** a. Is é is ciall leis an téarma 'machnamh' ná

(6 mharc)

b. Mínigh **dhá** chúis ar féidir leis an machnamh cabhrú le daoine a bhfuil brí na beatha á lorg acu.

i.

ii.

(10 marc)

**3.** Tabhair breac-chuntas ar an tslí inar féidir leis an reiligiún cabhrú le duine agus brí na beatha á lorg aige/aici.

(10 marc)

**4.**

- An Teaghlach
- Cairde
- Obair

Tabhair breac-chuntas ar an tslí inar féidir le ceann **amháin** díobh sin thuas cabhrú le duine agus brí na beatha á lorg aige/aici.

(10 marc)

## ROINN 4

(200 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 55 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SA ROINN SEO.**

NÍ MÓR DUIT **CEITHRE** CINN DE NA SÉ CHEIST SEO A LEANAS A FHREAGAIRT.

**(Tá 50 marc ag gabháil le gach ceist)**

### Ceist 1. Pobail Chreidimh

**A.** a. I dtraidisiúin reiligiúnacha cad is ciall leis an téarma 'gairm'?

(5 mharc)

b. Tabhair breac-chuntas ar **dhá** shlí a ndéanann daoine a ngairm a chomhlíonadh i bpobal creidimh a bhfuil staidéar déanta agat air.

i

ii.

(14 mharc)

**B.** a. Déan cur síos ar **dhá** ní a spreagann díograis reiligiúnach na mball i bpobal creidimh.

i.

ii.

(16 mharc)

b. Cliseadh Pobail ☐ Coimhlint Reiligiúnach ☐

Cuir ✓ le ceann **amháin** díobh sin thuas agus tabhair breac-chuntas ar an tslí a bhfuil pobal creidimh a bhfuil staidéar déanta agat air ag déileáil leis.

(15 mharc)

## Ceist 2. BUNÚS AN REILIGIÚIN – AN CHRÍOSTAÍOCHT

**A.** a. Mhair gach ceann de na grúpaí reiligiúnacha éagsúla a bhfuil cur síos orthu thíos sa Phalaistín in aimsir Íosa.

Cuir tic ✓ sa bhosca is fearr a mheaitseálann gach cur síos le hainm grúpa reiligiúnaigh a thugtar thíos. Tá an chéad chur síos meaitseáilte le hainm grúpa reiligiúnaigh mar shampla duit.

| *Grúpa Reiligiúnach 1* | *Grúpa Reiligiúnach 2* | *Grúpa Reiligiúnach 3* |
|---|---|---|
| Uaisle saibhre sinn agus tá ceangal láidir idir sinn agus an Teampall in Iarúsailéim. Glacaimid le riail na Rómhánach agus tá cumhacht againn sa Phalaistín. | Diúltaímid do riail na Rómhánach sa Phalaistín agus táimid ullamh troid i gcoinne na Rómhánach. | Ní chomhoibrímid leis na Rómhánaigh. Táimid i mbun na sionagóg áitiúil agus bímid dian maidir le comhlíonadh rialacha uile an Ghiúdachais. |
| Is é ainm an ghrúpa reiligiúnaigh a mheaitseálann an cur síos seo ná – (Cuir ✓ sa bhosca cuí) | Is é ainm an ghrúpa reiligiúnaigh a mheaitseálann an cur síos seo ná – (Cuir tic✓ sa bhosca cuí) | Is é ainm an ghrúpa reiligiúnaigh a mheaitseálann an cur síos seo ná – (Cuir tic✓ sa bhosca cuí) |
| Fairisínigh ☐ | Fairisínigh ☐ | Fairisínigh ☐ |
| Sadúcaigh ☑ | Sadúcaigh ☐ | Sadúcaigh ☐ |
| Díograiseoirí ☐ | Díograiseoirí ☐ | Díograiseoirí ☐ |

(8 marc)

b. ● Fairisínigh ● Sadúcaigh ● Rómhánaigh

Roghnaigh **dhá** cheann de na grúpaí thuas agus mínigh cúis ar éirigh coimhlint idir Íosa agus gach ceann díobh.

i.

ii.

(14 mharc)

**B**. a. Tabhair **dhá** chúis a raibh tábhacht leis an Sanhedrin sa Phalaistín in aimsir Íosa.

i.

ii.

(14 mharc)

b. Tabhair breac-chuntas ar cad a tharla nuair a tugadh Íosa i láthair an Sanhedrin.

(14 mharc)

## Ceist 3. BUNÚS AN REILIGIÚIN – NA MÓR-REILIGIÚIN DHOMHANDA

**A.** Cuir ✓ le ceann **amháin** de na mór-reiligiúin dhomhanda seo a leanas a bhfuil staidéar déanta agat air:

An Búdachas ☐ An Hiondúchas ☐ An tIoslamachas ☐ An Giúdachas ☐

a. *Bailíonn creidmhigh le chéile chun céimeanna tábhachtacha na beatha mar an bhreith, an bás etc. a chomóradh.*

Ainmnigh searmanas reiligiúnach **amháin** a chomharthaíonn céim thábhachtach i saol creidmhigh sa reiligiún domhanda a bhfuil tic curtha agat leis thuas.

Ainm an tsearmanais reiligiúnaigh ______________________________

(5 mharc)

b. Tabhair breac-chuntas ar a dtarlaíonn le linn an tsearmanais reiligiúnaigh atá ainmnithe thuas agat.

______________________________

(20 marc)

**B.** a. Ainmnigh an foirgneamh ina mbailíonn baill an reiligiúin dhomhanda a bhfuil tic curtha agat leis thuas go rialta le haghaidh paidreoireachta ______________________________

(5 mharc)

b. Déan cur síos ar **dhá** shlí ina gcabhraíonn an t-ionad atá luaite agat le creidmhigh chun guí a dhéanamh.

i. ______________________________

ii.

(20 marc)

## Ceist 4. CEIST AN CHREIDIMH

**A**. An Búdachas ☐ An Chríostaíocht ☐ An Hiondúchas ☐ An tIoslamachas ☐ An Giúdachas ☐

Samhlaigh go bhfuil tionscadal á dhéanamh agat faoi chruthú an domhain. Cuir tic ✓ le ceann amháin de na reiligiúin dhomhanda thuas agus tabhair breac-chuntas ar **dhá** phointe dá theagasc faoi chruthú an domhain.

i.

ii.

(16 mharc)

**B.** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** phointe de theagasc na heolaíochta faoi chruthú an domhain.

i.

ii.

(16 mharc)

**C.** Déan cur síos ar chosúlacht **amháin** idir a ndeir reiligiún áirithe agus a ndeir an eolaíocht faoi chruthú an domhain.

(18 marc)

## Ceist 5. CEILIÚRADH AN CHREIDIMH

**A.** a. Cuir tic ✓ le ceann **amháin** de na mór-reiligiúin dhomhanda seo a leanas a bhfuil staidéar déanta agat air agus ainmnigh tráth den bhliain a bhfuil tábhacht reiligiúnach aige dá chuid ball.

An Búdachas ☐ An Chríostaíocht ☐ An Hiondúchas ☐ An tIoslamachas ☐ An Giúdachas ☐

Ainm an trátha den bhliain ______________________________

(5 mharc)

b. Déan cur síos ar shlí **amháin** ina léiríonn baill de mhór-reiligiún domhanda go bhfuil tráth áirithe den bhliain ann a bhfuil tábhacht reiligiúnach aige dóibh.

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

(15 mharc)

c. Tabhair breac-chuntas ar an mbrí reiligiúnach amháin a bhaineann le deasghnáth **amháin** atá ina shainchomhartha ar thráth den bhliain atá tábhachtach do bhaill de mhór-reiligiún domhanda.

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

(15 mharc)

**B**. *Tá slite éagsúla ag daoine chun bheith rannpháirteach san adhradh – gothaí, ceol, sleachta a léamh etc.*

Mínigh conas a d'fhéadfadh slí **amháin** de na slite atá ann chun bheith rannpháirteach san adhradh cabhrú le daoine chun cumarsáid a dhéanamh le Dia.

(15 mharc)

## Ceist 6. DÚSHLÁN NA MORÁLTACHTA

**A.** Tabhair breac-chuntas ar bhrí an téarma 'coinsias'.

(10 marc)

**B.** a. Mínigh conas a d'fhéadfadh tionchar a bheith ag creideamh reiligiúnach duine ar a c(h)oinsias.

(12 mharc)

b. Seachas creideamh reiligiúnach, mínigh an chaoi a bhféadfadh toisc **amháin** eile tionchar a bheith aige ar choinsias duine.

(12 mharc)

**C.** Déan cur síos ar shlí **amháin** ina bhféadfadh forbairt a theacht ar choinsias duine agus é/í ag dul in aois.

(16 mharc)

## ROINN 5

(70 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 20 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SA ROINN SEO.**

NÍ MÓR DUIT CEANN **AMHÁIN** DE NA SÉ CHEIST SEO A LEANAS A FHREAGAIRT.

**(Tá 70 marc ag gabháil le gach ceist)**

**Ceist 1.**

Tabhair breac-chuntas ar an tslí a mbíonn na nithe seo i gceist le ceannaireacht laistigh de phobal creidimh:

i. Údarás.

ii. Seirbhís.

**Ceist 2.**

Scrúdaigh an tslí ar cheiliúir Íosa an Suipéar Déanach mar bhéile Cháisc na nGiúdach agus mar Eocairist.

**Ceist 3.**

◆ An Búdachas ◆ An Hiondúchas ◆ An tIoslamachas ◆ An Giúdachas

I stair na reiligiún domhanda bíonn ócáidí tábhachtacha ann a mhúnlaíonn a bhforbairt.

Tabhair próifíl ar an gcaoi a raibh tionchar ag tréimhse ghéarleanúna *nó* ag tréimhse fhorleathnaithe ar cheann **amháin** de na mór-reiligiúin dhomhanda thuas.

**Ceist 4.**

Samhlaigh go bhfuil caint á hullmhú agat faoin gcreideamh reiligiúnach in Éirinn inniu.

Tabhair breac-chuntas ar a ndéarfá i dtaobh gach ceann de na pointí seo a leanas:

i. Pátrúin athraitheacha an chreidimh in Éirinn inniu.

ii. Dúshláin don chreideamh in Éirinn inniu.

**Ceist 5.**

● Urnaí na hAchainí ● Urnaí Mholta ● Urnaí Bhuíochais

Scrúdaigh an chaoi a léiríonn **dhá** cheann de na cineálacha urnaí thuas bunphrionsabail chreidimh reiligiúnacha mór-reiligiúin dhomhanda a bhfuil staidéar déanta agat air.

**Ceist 6.**

a. Tabhair breac-chuntas ar dhearcadh an liobraíochais i leith an ghaoil atá idir an mhoráltacht phearsanta agus dlí stáit.

b. Scrúdaigh an chaoi arbh fhéidir go mbeadh coimhlint idir an dearcadh liobraíoch agus dlí stáit faoi cheist mhorálta **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat uirthi.

DÉAN DEIMHIN DE, LE DO THOIL, GO dTUGANN TÚ UIMHIR NA CEISTE ATÁ Á FREAGAIRT AGAT SA SPÁS THÍOS.

**Roinn 5.** Ceist___

(70 marc)

Leathanach Bán